Rang a trí agus rang a ceathair 1

Tugtar achoimre thíos ar fhoghlaim an linbh i rang a trí agus i rang a ceathair i 6 réimse an churaclaim, mar aon le roinnt moltaí maidir le conas is féidir leat tacú le foghlaim an linbh sa bhaile.

TEANGA

Sa Bhéarla, beidh an leanbh ag déanamh a thuilleadh forbartha ar na scileanna éisteachta agus labhartha trí a bheith ag caint agus ag plé rudaí. Foghlaimíonn sé/sí conas: ***éisteacht, tús a chur le comhrá, ceisteanna a chur, scéalta a insint, smaointe a chur i mbeagán focal, mothúcháin a chur in iúl agus a mhíniú, treoracha a thabhairt, argóint a dhéanamh, rudaí a áitiú agus tuairimí a chur in iúl*** . Faoin am seo, ba chóir go mbeadh an leanbh féin-mhuiníneach go maith agus é/í ag léamh agus ag scríobh. ***Léann sé/sí réimse leathan ábhar léitheoireachta*** cosúil le gearrscéalta, úrscéalta, dánta, drámaí, ailt nuachtáin agus irise agus ábhar faisnéise agus baineann sé/sí leas as an ldirlíon chun réimse an ábhair léitheoireachta a leathnú. Bíonn an leanbh **ag scríobh ar go leor cúiseanna éagsúla agus ar go leor bealaí éagsúla,** mar shampla, litreacha, iontrálacha dialainne, dánta, scéalta, ailt nuachtáin agus irise agus léirmheasanna leabhar agus scannán. Bíonn an leanbh ag foghlaim conas breathnú ar phíosa scríbhneoireachta atá déanta aige/aici agus feabhas a chur uirthi le cabhair an mhúinteora agus na ndaoine eile sa rang chun an teachtaireacht a dhéanamh níos soiléire. Cabhraíonn an ríomhaire go mór leis an bpróiseas scríbhneoireachta seo.

Sa Ghaeilge, bíonn an leanbh fós **ag forbairt scileanna comhrá agus cumarsáide** agus ag cur lena stór focal. Beidh an fhoghlaim bunaithe ar théamaí ar nós **mé féin, sa bhaile, an scoil, bia, an aimsir, an teilifís, siopadóireacht, caitheamh aimsire, éadaí** agus **ócáidí speisialta.** Bíonn an leanbh ag dul i bhfeabhas freisin ó thaobh píosaí gearra Gaeilge a léamh agus a scríobh.

I scoileanna ina ndéantar an chuid is mó den fhoghlaim trí Ghaeilge, pléann an leanbh le réimse níos leithne d'ábhar léitheoireachta. Bíonn sé/sí freisin ag scríobh as Gaeilge ar neart cúiseanna éagsúla agus ar neart bealaí éagsúla.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- spreagadh a thabhairt don leanbh réimse ábhair sa dá theanga a léamh, cuairt sheachtainiúil a thabhairt ar an leabharlann áitiúil agus ceisteanna a fhreagairt faoina bhfuil á léamh aige/aici. Cé go bhfuil an leanbh níos sine anois, bainfidh sé/sí sult as na leabhair a roinnt leat. Mar shampla, d'fhéadfadh sibh roinnt leathanach a léamh os ard as úrscéal, tusa oíche amháin, an leanbh an chéad oíche eile, chun misneach a thabhairt don leanbh leanúint leis an leabhar

- meas a léiriú ar an scríbhneoireacht trí go leor deiseanna scríbhneoireachta a chruthú sa teach, mar shampla, liostaí agus nótaí a scríobh, litreacha agus ríomhphoist a scríobh chuig cairde agus chuig gaolta, iontrálacha dialainne a scríobh, imeachtaí teaghlaigh a phleanáil i scríbhinn, léirmheasanna a scríobh ar leabhair agus ar scannáin agus iad a phlé le chéile srl.

- cabhrú leis an leanbh an ríomhaire a úsáid sa bhaile nó sa leabharlann áitiúil chun ríomhphoist a scríobh nó le haghaidh cineálacha eile scríbhneoireachta pearsanta agus chun a c(h)uid scríbhneoireachta a léamh den dara huair chun feabhas agus eagar a chur uirthi. Cabhraigh leis an leanbh an tIdirlíon aúsáid chun eolas a lorg agus chun teachtar ábhar léitheoireachta atá éagsúil agus suimiúil.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a trí agus rang a ceathair 2

MATAMAITIC

Cabhraíonn an Curaclam Matamaitice leis an leanbh foghlaim conas fadhbanna a thuiscint agus a réiteach. I ranganna a trí agus a ceathair, bíonn na leanaí **ag obair le fíor-ábhair** i gcónaí cosúil le háiritheoirí, ciúbanna, tíleanna codáin, trealamh tomhais, cluichí uimhreacha, cártaí imeartha agus bogearraí matamaitice chun cur lena gcuid eolais agus a dtuiscint ar ábhar nua sna réimsí seo a leanas:

- Uimhreacha (foghlaim faoi luach áite, suimiú, dealú, méadú agus roinnt uimhreacha, obair le codáin agus le deachúlacha)
- Ailgéabar (cur le pátrúin agus seichimh uimhreacha, mar shampla, 1, 3, 9, 27.... agus iad seo a úsáid)
- Tomhais (ag obair le fad, achar, meáchan, toilleadh, am agus airgead)
- Cruth agus spás (ag obair le cruthanna tríthoiseacha agus déthoiseacha agus le línte agus uillinneacha)
- Sonraí (cairteacha agus graif a dhéanamh, a thuiscint agus a léamh, agus foghlaim faoi dhóchúlacht agus seans)

Cuirtear béim i gcónaí ar **cheangal a dhéanamh idir an rud atá á fhoghlaim an leanbh agus rudaí sa saol lasmuigh** a bhfuil baint ag an mhatamaitic leo, e.g. fad is a bhíonn sé/sí ag obair le tomhas d'fhéadfadh an leanbh iarracht a dhéanamh fadhbanna praiticiúla a réiteach ar nós seomra a thomhas agus oibriú amach cén méid páipéir a bheadh ag teastáil do na ballaí, nó oibriú amach conas oideas cócaireachta do cheathrar a chur in oiriúint do sheisear!

Ó rang a ceathair ar aghaidh, **foghlaimíonn leanaí conas áireamhán a úsáid** chun tabhairt faoi shuimeanna le huimhreacha móra, suimeanna atá déanta acu cheana ar pháipéar. **Ní thagann an t-áireamhán in áit fhoghlaim an linbh ó thaobh uimhreacha a shuimiú, a dhealú, a mhéadú agus a roinnt** ach ligeann sé do na leanaí a meastacháin agus a bhfreagraí a sheiceáil agus tugann sé níos mó tuisceana don leanbh ar an mbealach a oibríonn uimhreacha. **Cabhraíonn úsáid an áireamháin le leanaí díriú ar an bhfadhb atá le réiteach agus ar an mbealach is fearr chun é seo a dhéanamh.**

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- admhálacha siopadóireachta agus billí nach bhfuil an t-iomlán le feiceáil orthu a thabhairt don leanbh agus iarraidh air/uirthi an costas iomlán a mheas trí na figiúirí a shlánú go dtí an euro is gaire. Iarr air/uirthi áireamhán a úsáid chun an freagra a sheiceáil. D'fhéadfadh sé/sí an t-áireamhán a úsáid agus na hearraí á gcur sa tralaí ionas go mbeidh an t-iomlán a bheidh le híoc agat ar eolas roimh ré. Feicfidh an leanbh úsáid an-phraiticiúil atá ag an áireamhán ar an mbealach seo!

- tabhair spreagadh don leanbh sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a chur i láthair ar bhealaí nádúrtha, mar shampla, taispeáin dó/di conas taifead a choinneáil den mhéid ama a caitear ag breathnú ar theilifís agus ar ghníomhaíochtaí fisiceacha i rith na seachtaine. Cabhraigh leis/léi cairt a dhéanamh ar a scríobhfaidh sé/sí an méid ama a chaitear ar gach gníomhaíocht gach lá. Ag deireadh na seachtaine, pléigh leis an leanbh an méid a léiríonn an t-eolas seo

- cuir ceisteanna ar an leanbh a spreagfaidh é/í chun straitéisí meabhracha matamaitice a d'fhoghlaim sé/sí ar scoil a úsáid, e.g. nuair a bhíonn sibh sa charr d'fhéadfá iarraidh ar an leanbh cén fhad a chlúdóidh sibh i dtrí uair a chloig má thaistealaíonn sibh ag luas 55 míle san uair, nó má chosnaíonn peitreal €1.20 an lítear cé mhéad a chosnóidh sé 30 lítear a chur sa ghluaisteán?



Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a trí agus rang a ceathair 3

OIDEACHAS, SÓISIALTA, IMSHAOIL AGUS EOLAÍOCHTA (OSIE)

Sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht i ranganna a trí agus a ceathair, úsáideann na leanaí mar acmhainní foghlama **an teach sa mbaile acu, an seomra ranga agus a gceantar féin. Leathnaíonn a gcuid foghlama ionas go bhfoghlaimíonn siad faoi áiteanna níos faide ó bhaile, in Éirinn agus thar lear.** Agus iad ag obair, baineann leanaí **úsáid as na scileanna céanna is a úsáideann eolaithe, staraithe agus tíreolaithe,** is iad sin ceistiú, breathnú, tuar, imscrúdú agus turgnamh, meastachán agus tomhas, rangú agus taifead agus cumarsáid. Cabhraíonn grianghraif, fíor-rudaí agus foinsí eolais cosúil le ciclipéidí, atlais, bogearraí ríomhaireachta agus cuardach Idirlín le leanaí fáil amach faoin domhan mór. **Gach rud a fhoghlaimíonn siad, bíonn ceangal idir é agus rud éigin a d'fhoghlaim siad roimhe,** mar shampla sa tíreolaíocht, b'fhéidir go bhfoghlaimeoidh leanaí faoi na sléibhte agus na haibhneacha i gceantar eile in Éirinn agus déanfaidh siad ceangal idir é sin agus na rudaí atá foghlamtha acu mar gheall ar a gceantar féin trí chomparáid a dhéanamh eatarthu. An rud céanna sa stair. B'fhéidir go bhfeicfidh leanaí na hathruithe atá tagtha ar shaol na ndaoine le himeacht ama ina gceantar féin **agus** in áiteanna eile trí staidéar a dhéanamh ar thopaic cosúil le 'teaghlaigh'.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- breathnú ar an nuacht laethúil nó ar chláir eolais ar an teilifís in éineacht leis an leanbh. D'fhéadfá, mar shampla, úsáid a bhaint as léarscáil nó as cruinneog chun tíortha a luadh sa chlár a fháil, nó d'fhéadfá mír amháin den nuacht a bhí suimiúil a roghnú agus leabhair thagartha nó láithreáin ghréasáin a úsáid chun a thuilleadh a fháil amach faoin scéal agus faoi na daoine agus na háiteanna a luadh ann.
- an leanbh a spreagadh chun rudaí a dhearadh agus a dhéanamh timpeall an tí, e.g. seilf nó bord le haghaidh leabhar
- cuairt a thabhairt ar áiteanna stairiúla agus ar mhúsaeim sa cheantar agus labhairt leis an leanbh faoin stair a bhaineann leis na háiteanna agus na rudaí a fheiceann sibh.

OIDEACHAS EALAÍON

Sna trí hábhar seo – na hamharcealaíona, an ceol agus an drámaíocht – bíonn níos mó deiseanna fós ag an leanbh a **bheith cruthaitheach agus an tsamhlaíocht a fhorbairt.** Cuirtear béim ar thriail agus ar thaitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí ealaíonta. **Ní ar an rud a dhéanann an leanbh (an táirge) a chuirtear an bhéim ach ar an méid a fhoghlaimíonn sé/sí trí ghníomhaíocht chruthaitheach a dhéanamh (an próiseas).** I rang a trí agus a ceathair, cuireann an leanbh feabhas ar na scileanna atá foghlamtha cheana aige/aici trí rudaí nua a thriail san ealaín, sa cheol agus sa drámaíocht. Bíonn sé/sí ag obair le rogha níos leithne d'ábhair ealaíonta agus téann sé/sí i dtaithí ar réimse níos leithne de cheol agus de dhrámaíocht. Sa chuid seo den churaclam, spreagtar an leanbh chun **éisteach** le ceol, chun **breathnú ar** ealaín agus **chun freagairt a thabhairt** ar léiriú drámata daoine eile sa rang, mar aon le hobair leanaí eile agus daoine fásta.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- an leanbh a spreagadh chun suim a chur sa cheol, mar shampla, d'fhéadfadh sé éisteacht le CDanna, amhráin a rá, an fheadóg nó uirlis ceoil eile a fhoghlaim
- an leanbh a spreagadh chun tabhairt faoi rudaí cruthaitheacha trí acmhainní agus spás a chur ar fáil dó. Iarr ar an leanbh na rudaí a úsáideann sé a bhailiú nuair a bhíonn sé críochnaithe
- breathnú ar chláir do pháistí ar an teilifís in éineacht leis an leanbh nó dul chuig scannáin, drámaí, ceolchoirmeacha agus taispeántais ealaíne agus an méid a fheiceann sibh a phlé.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a trí agus rang a ceathair 4

CORPOIDEACHAS

I rang a trí agus i rang a ceathair bíonn an leanbh rannpháirteach arís i réimse de ghníomhaíochtaí fisiceacha, **sa scoil agus lasmuigh de,** ar nós:

- Lúthchleasa (rith, léim agus caitheamh)
- Damhsa (foghlaim faoi dhamhsa, damhsa a chruthú agus a dhéanamh)
- Gleacaíocht (cothromaíocht, gluaiseacht i dtreonna éagsúla i seicheamh ina (h)aonar agus le daoine eile agus gluaiseacht le trealamh ar nós rabhlaithe agus mataí)
- Cluichí (láimhseáil liathróide, ciceáil, an liathróid a iompar agus a bhualadh agus mionchluichí a imirt)
- Gníomhaíochtaí faoin aer agus gníomhaíochtaí eachtraíochta (siúl, treoracha ar léarscáileanna a leanúint agus bealaí agus bac-chúrsaí a leanúint).[3]

Bíonn **béim ar spraoi agus ar thaitneamh** a bhaint as na ceachtanna corpoideachais agus foghlaimíonn an leanbh conas **comhoibriú le daoine eile chun feidhmíocht an ghrúpa iomláin a fheabhsú.** Ag an am céanna, tugtar spreagadh **don leanbh feabhas a chur ar an gcumas atá aige/aici féin.** Trí dhul i dtaithí ar **ghníomhaíochtaí fisiceacha éagsúla,** beidh sé soiléir cad iad na spóirt agus na cluichí is mó a thaitníonn leis an leanbh. B'fhéidir go n-imreoidh sé/sí iad seo lasmuigh den scoil agus nuair a bheidh sé/sí fásta.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- am ar leith a chur i leataobh gach lá le haghaidh cluichí sa bhaile agus an leanbh a spreagadh chun dul isteach i gclub spóirt sa cheantar. Bíonn snámh, peil, camógaíochta, iomáin, sacar agus cispheil ar fáil i ngach ceantar beagnach. Tá an damhsa go maith don leanbh freisin agus bíonn ranganna damhsa Gaelach, ranganna bailé agus ranganna damhsa eile ar fáil. Cabhróidh siad go léir leis an leanbh cairde a dhéanamh sa bhaile agus a bheith mar dhuine den phobal sin
- an leanbh a thógáil go páirceanna spraoi agus go hionaid uisce ina mbíonn trealamh spraoi.

[3] I ngníomhaíochtaí uisce foghlaimíonn leanaí faoi shábháilteacht san uisce agus conas spraoi a bheidh acu san uisce agus na géaga agus na cosa a úsáid. Ag brath ar acmhainní na scoile, molann an curaclam deis a thabhairt do leanaí scileanna gluaiseachta a fhorbairt san uisce uair éigin le linn na bunscolaíochta.

Faisnéis do thuismitheoirí

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Rang a trí agus rang a ceathair 5

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

Pléann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) **le forbairt phearsanta, le sláinte agus le folláine do linbh.** Cabhraíonn sé leis na leanaí a thuiscint go bhfuil siad **freagrach as na rudaí a dhéanann siad.** Tá **an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)**. mar chuid den OSPS. Is cuid thábhachtach d'fhorbairt gach linbh é seo. Tugann sé cabhair do leanaí foghlaim faoi na hathruithe a tharlaíonn dá gcorp ag pointí éagsúla forbartha e.g. ag am caithreachais. Tá beartas OCG ag gach scoil agus leagtar amach ann cad a mhúinfear agus cathain a thabharfar isteach ábhar ar leith.

I ranganna a trí agus a ceathair foghlaimíonn na leanaí níos mó faoi conas aire a thabhairt dóibh féin agus faoi na rudaí a dhéanann difriúil iad ó dhaoine eile. Faigheann siad amach faoi neart agus laigí, na rudaí a thaitníonn leo agus na rudaí nach dtaitníonn. Foghlaimíonn siad faoi agus pléann siad na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus ar roghanna pearsanta agus pléann siad an fáth go mbíonn cead ag daoine fásta cinntí a dhéanamh ar son agus teorainneacha a leagan síos, agus conas a dhéanann siad a leithéid. Bíonn tuiscint níos mó ag na leanaí faoin méid a chuireann siad leis an scoil agus leis an bpobal áitiúil, foghlaimíonn siad faoi shaol daoine in áiteanna eile agus conas aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus don timpeallacht níos faide ó bhaile. Foghlaimíonn siad freisin faoi na meáin chumarsáide agus conas machnamh a dhéanamh ar an ról agus an tionchar a bhíonn acu ar a saol.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- nósanna sláintiúla itheacháin a chothú trí lón sláintiúil a sholáthar don scoil agus bia folláin ag béilí eile. Is é an bricfeasta an béile is tábhachtaí toisc go gcuireann sé tús sláintiúil le lá an linbh
- labhairt leis an leanbh faoin ábhar a bhíonn sa nuachtán nó ar an teilifís/an raidió/nó i scannán a chonaic sibh i dteannta a chéile. Ceistigh an leanbh faoina c(h)uid mothúchán, tuairimí agus ábhair imní
- labhairt leis an leanbh faoi rudaí éagsúla a bhaineann leis/léi, mar shampla, caidreamh leis an teaghlach agus le cairde, rudaí atá ag tarlú ar scoil, conas a bheith slán, an chontúirt a bhaineann le mí-úsáid substaintí ar nós drugaí nó alcóil. Pléigh leis/léi bealaí oiriúnacha chun déileáil le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, fadhbanna cosúil le bulaíocht nó brú ó pháistí eile.

Iarr ar an múinteoir ranga an bhfuil bealaí eile inar féidir leat cabhrú leis an leanbh foghlaim sa bhaile agus éí i rang a trí agus i rang a ceathair. Ceistigh na tuismitheoirí eile faoi na rudaí a dhéanann siad féin.

Faisnéis do thuismitheoirí